Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**12145/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0224 (NLE)**

**UK 158**
**UD 219**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 27 Iúil 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 403 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach a mhéid a bhaineann le dearbhú comhpháirteach maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 5 de Creat Windsor |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 403 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 403 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.7.2026
COM(2026) 403 final

2026/0224 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach a mhéid a bhaineann le dearbhú comhpháirteach maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 5 de Creat Windsor**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach[1] ('an Comhaontú um Tharraingt Siar') a mhéid a bhaineann le dearbhú comhpháirteach ón Aontas agus ón Ríocht Aontaithe sa Chomhchoiste maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 5 de Chreat Windsor[2], ar dhlúthchuid den Chomhaontú um Tharraingt Siar é.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus Creat Windsor

Leagtar amach sa Chomhaontú um Tharraingt Siar na socruithe maidir le tarraingt siar rianúil na Ríochta Aontaithe as an Aontas agus as Euratom. Tháinig an Comhaontú um Tharraingt Siar i bhfeidhm an 1 Feabhra 2020. An 27 Feabhra 2023, tháinig an Coimisiún Eorpach agus rialtas na Ríochta Aontaithe ar chomhaontú polaitiúil i bprionsabal maidir le Creat Windsor. An 24 Márta 2023, ghlac an Comhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú um Tharraingt Siar na socruithe nua a bhaineann le Creat Windsor. Chomhaontaigh an dá Pháirtí Creat Windsor a chur chun feidhme go hiomlán, go tráthúil agus go dílis.

### 2.2. An Comhchoiste

Tá an Comhchoiste a bunaíodh faoi Airteagal 164(1) den Chomhaontú um Tharraingt Siar comhdhéanta d'ionadaithe ón Aontas agus ón Ríocht Aontaithe. Tá an tAontas agus an Ríocht Aontaithe ina gcomhchathaoirligh ar an gCoiste. In Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis an gComhaontú um Tharraingt Siar leagtar síos rialacha nós imeachta an Chomhchoiste. Tagann an Comhchoiste le chéile uair sa bhliain ar a laghad nó arna iarraidh sin don Aontas nó don Ríocht Aontaithe agus socraíonn sé a sceideal cruinnithe agus a chlár oibre de chomhthoil. I gcomhréir le hAirteagal 166(3) den Chomhaontú um Tharraingt Siar, is de chomhthoil a ghlacann an Comhchoiste a chinntí.

Leagtar síos cúraimí an Chomhchoiste in Airteagal 164 den Chomhaontú um Tharraingt Siar, agus ar na cúraimí sin tá an méid seo a leanas go príomha:

- maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme agus cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe go díreach nó trí obair na gcoistí speisialaithe a thuairiscíonn dó;
- cinntí agus moltaí a ghlacadh, lena n-áirítear leasuithe ar an gComhaontú sna cásanna dá bhforáiltear ann;
- fadhbanna a chosc agus díospóidí a d'fhéadfadh teacht chun cinn maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe a réiteach.

---

[1] IO L 29, 31.1.2020, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/treaty/withd_2020/sign.

[2] Dearbhú Comhpháirteach Uimh. 1/2023 ón Aontas agus ón Ríocht Aontaithe sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach an 24 Márta 2023 (IO L 102, 17.4.2023, lch. 87).

### 2.3. An gníomh atá beartaithe ag an gComhchoiste

Le linn an chéad chruinnithe eile a reáchtálfar, tá an tAontas agus an Ríocht Aontaithe le dearbhú comhpháirteach a dhéanamh maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 5 de Chreat Windsor (‘an gníomh atá beartaithe’).

Is é is cuspóir don ghníomh atá beartaithe a shoiléiriú, maidir le forálacha Airteagal 5 de Chreat Windsor a bhaineann le híoc, bailiú agus aistriú dleachtanna custaim le haghaidh earraí a thugtar isteach i dTuaisceart Éireann le hiompar díreach ó chuid eile den Ríocht Aontaithe nó ó chríoch seachas an tAontas nó cuid eile den Ríocht Aontaithe agus a bhfuil nó nach bhfuil an baol ann ina leith, faoi seach, go n-aistreofar na hearraí sin isteach san Aontas ina dhiaidh sin, go bhfuil na forálacha sin infheidhme freisin maidir le táille láimhseála a bhunaítear le dlí an Aontais chun costais na seirbhísí a sholáthraítear chun láimhseáil a dhéanamh ar iarraidh ar scaoileadh i saorchúrsaíocht earraí a dhíoltar i gciandíol a chumhdach.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

### 3.1. Airteagal 5 de Chreat Windsor

Foráiltear le hAirteagal 5(1) de Chreat Windsor nach mbeidh aon dleacht chustaim iníoctha ar earra a thugtar isteach i dTuaisceart Éireann as cuid eile den Ríocht Aontaithe le hiompar díreach agus nach bhfuil an baol ann go n-aistreofar an t-earra sin isteach san Aontas ina dhiaidh sin, bíodh sin leis féin nó ina chuid d’earra eile i ndiaidh próiseála. Foráiltear leis freisin gurb iad na dleachtanna is infheidhme sa Ríocht Aontaithe na dleachtanna custaim i leith earra a thugtar isteach i dTuaisceart Éireann le hiompar díreach as áit eile seachas as an Aontas nó as cuid eile den Ríocht Aontaithe agus nach bhfuil an baol ann go n-aistreofar an t-earra sin isteach san Aontas ina dhiaidh sin, bíodh sin leis féin nó ina chuid d’earra eile i ndiaidh próiseála.

Is é is cuspóir don fhoráil sin a áirithiú, maidir le haon earra a thugtar isteach i dTuaisceart Éireann le hiompar díreach agus nach bhfuil an baol ann go n-aistreofar an t-earra sin isteach san Aontas ina dhiaidh sin, bíodh sin leis féin nó mar chuid d’earra eile i ndiaidh próiseála, nach mbeidh an t-earra sin faoi réir aon mhuirear airgeadais a leagtar síos le dlí custaim an Aontais a bhaineann go díreach le scaoileadh i saorchúrsaíocht an earra sin i dTuaisceart Éireann.

Sa chomhthéacs sin, is gá a shoiléiriú trí bhíthin dearbhú comhpháirteach atá le heisiúint ag an Aontas agus ag an Ríocht Aontaithe faoi chuimsiú an Chomhchoiste gur cheart a thuiscint go bhfuil feidhm ag Airteagal 5(1) de Chreat Windsor freisin maidir le táille láimhseála a bhunaítear le dlí an Aontais chun costais na seirbhísí a sholáthraítear chun láimhseáil a dhéanamh ar iarraidh ar scaoileadh i saorchúrsaíocht earraí a dhíoltar i gciandíol a chumhdach, go háirithe na sonraí a sholáthraítear a sheiceáil, anailís riosca a dhéanamh, agus rialuithe doiciméadacha agus fisiceacha a dhéanamh nuair is gá.

Ina theannta sin, foráiltear le hAirteagal 5(6) de Chreat Windsor, i gcás ina dtoibhíonn an Ríocht Aontaithe dleachtanna custaim i gcomhréir le reachtaíocht chustaim ábhartha an Aontais, nach n-íocfar na dleachtanna sin leis an Aontas. Dá bhrí sin, saothraítear leis an bhforáil sin an cuspóir a áirithiú gur leis an Ríocht Aontaithe a fhanfaidh fáltais aon mhuirear airgeadais a leagtar síos le dlí custaim an Aontais agus a bhaineann go díreach le scaoileadh i saorchúrsaíocht earraí i dTuaisceart Éireann. Sa chomhthéacs sin, soiléirítear leis an dearbhú comhpháirteach atá beartaithe gur cheart a thuiscint go bhfuil feidhm ag Airteagal 5(6) de Chreat Windsor ina iomláine freisin maidir leis na fáltais ó tháille láimhseála den chineál dá dtagraítear sa mhír roimhe seo.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí don nós imeachta

Is comhlacht é an Comhchoiste a bunaíodh le comhaontú, is é sin an Comhaontú um Tharraingt Siar.

Is gníomh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis é an gníomh atá beartaithe, de réir bhrí Airteagal 218(9) CFAE.

Leis an ngníomh atá beartaithe, ní dhéantar creat institiúideach an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar a fhorlíonadh ná a leasú.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE is bunús dlí nós imeachta don chinneadh atá beartaithe.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

Baineann príomhchuspóir agus príomhábhar an ghnímh atá beartaithe le soiléiriú a dhéanamh ar léirmhíniú comhpháirteach an Aontais agus na Ríochta Aontaithe maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 5 de Chreat Windsor, ar dlúthchuid den Chomhaontú um Tharraingt Siar é.

Is ar Airteagal 50(2) CAE a bunaíodh tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 50(2) CAE is bunús dlí substainteach don chinneadh atá beartaithe.

### 4.3. Conclúid

Is é Airteagal 50(2) CAE ba cheart a bheith ina bhunús dlí don chinneadh atá beartaithe, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

## 5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil agus trédhearcacht, is iomchuí an dearbhú comhpháirteach ón Aontas agus ón Ríocht Aontaithe a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis dó a bheith déanta sa Chomhchoiste.

2026/0224 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach a mhéid a bhaineann le dearbhú comhpháirteach maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 5 de Creat Windsor

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 50(2)de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach[3] ('an Comhaontú um Tharraingt Siar'), thug an tAontas i gcrích é le Cinneadh (AE) 2020/135 ón gComhairle[4].

(2) I gcomhréir le hAirteagal 182 den Chomhaontú um Tharraingt Siar, is dlúthchuid den Chomhaontú sin Creat Windsor[5].

(3) Tá an tAontas agus an Ríocht Aontaithe, le linn an chéad chruinnithe eile den Chomhchoiste, le dearbhú comhpháirteach a dhéanamh maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 5 de Chreat Windsor.

(4) Is é is cuspóir don dearbhú comhpháirteach a shoiléiriú, maidir le forálacha Airteagal 5 de Chreat Windsor a bhaineann le híoc, bailiú agus aistriú dleachtanna custaim le haghaidh earraí a thugtar isteach i dTuaisceart Éireann le hiompar díreach as cuid eile den Ríocht Aontaithe nó as críoch seachas as an Aontas nó as cuid eile den Ríocht Aontaithe agus a bhfuil nó nach bhfuil an baol ann ina leith, faoi seach, go n-aistreofar na hearraí sin isteach san Aontas ina dhiaidh sin, go bhfuil na forálacha sin infheidhme freisin maidir le táille láimhseála a bhunaítear le dlí an Aontais chun costais na seirbhísí a sholáthraítear chun láimhseáil a dhéanamh ar iarraidh ar scaoileadh i saorchúrsaíocht earraí a dhíoltar i gciandíol a chumhdach.

---

[3] IO L 29, 31.1.2020, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/treaty/withd_2020/sign.

[4] Cinneadh (AE) 2020/135 ón gComhairle an 30 Eanáir 2020 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (IO L 29, 31.1.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2020/135/oj).

[5] Dearbhú Comhpháirteach Uimh. 1/2023 ón Aontas agus ón Ríocht Aontaithe sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach an 24 Márta 2023 (IO L 102, 17.4.2023, lch. 87).

(5) Is é a bheidh sa dearbhú comhpháirteach atá beartaithe ón Aontas agus ón Ríocht Aontaithe, má dhéantar sa Chomhchoiste é, gníomh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis, de réir bhrí Airteagal 218(9) CFAE.

(6) Dá bhrí sin, is gá an seasamh atá le glacadh sa Chomhchoiste a bhunú maidir leis an dearbhú comhpháirteach ón Aontas agus ón Ríocht Aontaithe sa Chomhchoiste maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 5 de Chreat Windsor,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bunaíodh faoi Airteagal 164(1) den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (an 'Comhchoiste'), beidh an seasamh sin bunaithe ar an dréachtdearbhú comhpháirteach ón Aontas agus ón Ríocht Aontaithe atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Féadfar teacht ar chomhaontú maidir le mionathruithe teicniúla ar an seasamh a leagtar amach sa dréachtdearbhú comhpháirteach ón Aontas agus ón Ríocht Aontaithe atá i gceangal leis an gCinneadh seo gan cinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*